## CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 130 Eagrán Speisialta Gaeilge an 17 Bealtaine 2019)*

Ar leathanach 30, Airteagal 51(2):

| | |
|---|---|
| *in ionad:* | "2. D'ainneoin mhír 1, beidh feidhm ag Airteagal 16, pointe (c) d'Airteagal 20, Airteagail 21, 22 agus 23, Airteagal 24(1), (2) agus (3), an chéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 24(4), Airteagal 24(8) agus (9), Airteagail 25 go 42, Airteagail 46 agus 47, Airteagal 50(1), (4) agus (6), pointí 39(d) agus 40(d) d'Iarscríbhinn I agus na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaineann leis na forálacha sin ón 8 Meitheamh 2019.", |
| *léitear:* | "2. D'ainneoin mhír 1, beidh feidhm ag Airteagal 14(2), Airteagal 16, pointe (c) d'Airteagal 20, Airteagail 21, 22 agus 23, Airteagal 24(1), (2) agus (3), an chéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 24(4), Airteagal 24(8) agus (9), Airteagail 25 go 42, Airteagail 46 agus 47, Airteagal 50 (1), (4) agus (6), pointí 39(d) agus 40(d) d'Iarscríbhinn I agus na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaineann leis na forálacha sin ón 8 Meitheamh 2019.". |

Ar leathanach 32, Iarscríbhinn I, pointe 4 "Biotáille fíona", pointe (a) (i):

| | |
|---|---|
| *in ionad:* | "(i) is trí dhriogadh ag níos lú ná 86 % de réir toirte ar fhíon, ar fhíon a neartaíodh don driogadh nó ar dhriogáit fíona a driogadh ag níos lú ná 86 % de réir toirte a táirgeadh go heisiach í;", |
| *léitear:* | "(i) is trí dhriogadh ag níos lú ná 86 % de réir toirte ar fhíon, ar fhíon a neartaíodh don driogadh nó ar dhriogáit fíona go heisiach a tháirgtear í;". |